2023.S54T

2023J126C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2023

# Teicneolaíocht Adhmaid

## Comhleibhéal

Déardaoin 15 Meitheamh  Tráthnóna 1:30 - 3:00

120 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Lá agus Mí do Bhreithe** | Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla |
| **Stampa an Ionaid** | |

## Treoracha

Freagair gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.  Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí agus líníochtaí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo.  Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin.  Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán.  Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhann tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Ceist 1**

**Forbraíonn déantóir troscáin coillearnach dhúchasach Éireannach i gCill Mhantáin**



Tá plandáil crann tar éis teacht chun cinn mar bhealach saor ardtionchair chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. Phlandáil an déantóir troscáin, a thaispeántar, breis agus 2,000 crann dúchasach ar cheithre acra talún ag a theach i gCo. Chill Mhantáin. *"Is é atá déanta againn anseo, tá crainn dhúchasacha ó stoc dúchasach curtha againn. Laistigh de 20 bliain, tá coillearnach álainn cruthaithe againn agus plandaí dúchasacha ag teacht isteach inti de réir a chéile. Tá coillearnach á déanamh di Foraois a bheidh inti sa todhchaí."*

**(a)** **(i)** Luaigh **dhá** chúis gur roghnaigh an déantóir troscáin crainn dhúchasacha Éireannacha a phlandáil.

| |
|---|
| Cúis 1: |
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |

**(ii)** Sna híomhánna taispeántar duilleoga de chuid thrí chrann dhúchasacha Éireannacha. Ón liosta seo a leanas, ainmnigh **gach** duilleog chrainn.

**Péine Albanach**, **Cuileann**, **Dair**







| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |

**(b)** San íomhá taispeántar an déantóir troscáin agus é ag siúl trína fháschoill foraoise.




**(i)** Pléigh **dhá** tairbhí a bhaineann leis an bhforaoiseacht do dhaoine nó dár dtimpeallacht.

| |
|---|
| Tairbhe 1: |
| |
| |
| Tairbhe 2: |
| |
| |

**(ii)** Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, déan cur síos ar **dhá** shaintréith a bhaineann le crann buaircíneach.

| | |
|---|---|
| Saintréith 1: | Saintréith 2: |
| | |
| | |
| | |
| | |

**(c)** San íomhá taispeántar trasghearradh de stoc crainn.




**(i)** Ainmnigh na páirteanna den chrann atá lipéadaithe **A** agus **B**.

| |
|---|
| A: |
| B: |


**(ii)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag gach cuid atá lipéadaithe ar an stoc crain.

| |
|---|
| Feidhm A: |
| |
| Feidhm B: |
| |

**(iii)** Déan sceitse de thrasghearradh trí ghnáthstoc crainn agus lipéadaigh **dhá** chuid eile.

| |
|---|
| Sceitse: |


**Ceist 2**




San íomhá taispeántar seastán peann luaidhe dathadóireachta linbh, atá i gcruth gráinneog, agus atá déanta as adhmad soladach mar a thaispeántar.

**(a)** San íomhá thíos taispeántar píosa adhmaid atá lena úsáid mar chos amháin den seastán peann luaidhe.

Tarraing na marcanna don **aghaidh chaoin** agus don **slios chaoin** sna suíomhanna cearta ar an bpíosa adhmaid.




**(b)** San íomhá ar dheis taispeántar cos an tseastáin peann luaidhe agus e marcáilte amach.




Ainmnigh agus déan sceitse d'uirlis **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid chun an chos a thaispeántar a mharcáil amach.

| Ainm na huirlise: |
| --- |
| Sceitse: |

**(c)** **(i)** San íomha ar dheis taispeántar an chos don seastán peann luaidhe tar éis gur baineadh an trinse as.




Ainmnigh an uirlis a taispeántar, a úsáidtear chun an trinse a bhaint as.





| Ainm: |
|---|


**(ii)** Sna híomhánna ar chlé taispeántar thíos cuid de na céimeanna a úsáidtear chun faobhar a chur ar an uirlis thuas. Taispeántar ar dheis an cur síos ar gach céim.

Meaitseáil gach ceann de na céimeanna a thaispeántar ar chlé leis an gcur síos ceart ar dheis. Tá an chéad cheann déanta duit.










Úsáidtear meilteoir binse chun an faobhar gearrtha damáistithe a mheilt síos

Seiceáil an damáiste ar an bhfaobhar gearrtha


Baintear an burra as cúl na lainne

Úsáidtear cloch ola chun an faobhar gearrtha a mhíniú chun géire

**(d)** Ní mór sábh a roghnú chun an seastán peann luaidhe gráinneoige a fhoirmiú mar a thaispeántar.



Luaigh an t-ainm ceart do **gach** ceann de na sábha thíos agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le gach sábh a úsáid chun an seastán peann luaidhe a fhoirmiú.



| |
|---|
| Ainm: |
| Buntáiste: |
| |
| |





| |
|---|
| Ainm: |
| Buntáiste: |
| |
| |

**(e)** Luaigh **dhá** chúis gur gá bailchríoch dhromchla a chur leis an seastán peann luaidhe.

| |
|---|
| Cúis 1: |
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |


**(f)** Sa spás thíos, dear póstaer a thugann míniú ar **dhá** chéim ar bith is gá chun bailchríoch ghléineach a chur leis an seastán peann luaidhe.

Bíodh nótaí ar gach céim **agus** ainm an bailchríoch atá roghnaithe agat san áireamh ar do phóstaer.



**Ceist 3**

San íomhá taispeántar seastán císte atá déanta as adhmad soladach.




**(a)** Tá barr an tseastáin císte críochnaithe le múnláil chiumhaise mar a thaispeántar.

Bain úsáid as (✓) chun an t-ainm ceart don mhúnláil seo a chur in iúl agus luaigh cúis **amháin** leis an múnláil seo a chur leis an seastán císte.


| | |
|---|---|
| Seaimfféar | ☐ |
| Tomhas | ☐ |

| |
|---|
| Cúis: |
| |

**(b)** Mol crua-adhmad oiriúnach don seastán císte.
Luaigh cúis **amháin** le do rogha crua-adhmaid.

| |
|---|
| Crua-adhmad: |
| Cúis: |
| |
| |
| |

**(c)** Tá sé tábhachtach go mbeadh an t-adhmad don seastán císte stálaithe i gceart. Taispeántar san íomhá modh stálaithe adhmaid.



**(i)** Ainmnigh an modh stálaithe adhmaid seo.

| Ainm: |
|---|

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an modh stálaithe seo a úsáid.

| Buntáiste 1: |
|---|
| |
| Buntáiste 2: |
| |

**(iii)** Ainmnigh modh stálaithe adhmaid **amháin** eile.

| Ainm: |
|---|

**(iv)** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas fíor **nó** bréagach.

| **Stálú** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Laghdaíonn stálú an cion taise san adhmad | | |
| Is éasca adhmad a oibriú tar éis a stálaithe | | |
| Is féidir le stálú a bheith ina chúis le hionsaí feithide agus fungais | | |
| Éiríonn adhmad níos troime tar éis dó a bheith stálaithe | | |

**(d)** San íomhá taispeántar deil adhmaid a úsáidtear chun an seastán císte a dheileadh.




**(i)** Luaigh an t-ainm ceart do **gach** páirt den deil a thaispeántar thuas.


| |
|---|
| A: |
| B: |

**(ii)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíomadh nuair a bhíonn deil adhmaid á húsáid.

| |
|---|
| Réamhchúram 1: |
| |
| |
| Réamhchúram 2: |
| |
| |

**(e)** San íomhá ar chlé, taispeántar bloc adhmaid. Tá deileadh adhmaid le déanamh ar an mbloc seo chun an seastán a dhéanamh, mar a thaispeántar ar dheis.

Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe néata, agus déan cur síos ar **dhá** chéim is gá chun an bloc **a ullmhú** lena chur suas ar an deil.




Céim 1:

Céim 2:

**Ceist 4**

San íomhá taispeántar an chéad smaoineamh dearaidh do sheastán fearais cinn cluichíochta atá déanta as adhmad.



**(a)** Ba chóir imscrúdaithe/taighde a dhéanamh nuair a bhíonn seastán fearais cinn cluichíochta á dhearadh i dTeicneolaíocht Adhmaid.

**(i)** Pléigh **dhá** thoisc ar chóir imscrúdú/taighde a dhéanamh orthu nuair a bhíonn seastán fearais cinn á dhearadh.

| |
|---|
| Toisc 1: |
| |
| |
| Toisc 2: |
| |
| |


**(ii)** Úsáid tic (✓) chun a chur in iúl cé acu an taighde príomhúil **nó** taighde tánaisteach iad seo a leanas.

| **Taighde** | **Príomhúil** | **Tánaisteach** |
|---|---|---|
| Agallamh á dhéanamh | | |
| An t-idirlíon a úsáid chun íomhánna a íoslódáil | | |
| Eolas a lorg i leabhair Teicneolaíochta Adhmaid | | |
| Pictiúir a ghlacadh de réada comhchosúla eile i siopa | | |

**(b)** San íomhá taispeántar líníocht toisithe don seastán fearais cinn.

**(i)** Sa spás thíos, tarraing sceitse néata saorláimhe **d'ingearchló** an tseastáin ag féachaint sa treo ina bhfuil an tsaighead.


Sceitse ingearchló:




**(ii)** Críochnaigh an liosta gearrtha don seastán fearais cinn a thugtar sa tábla thíos.

| Cur síos | Líon | Fad | Leithead | Tiús |
|---|---|---|---|---|
| Bonn | 1 | | 100 | 20 |
| Taca láir | 1 | | 44 | 30 |
| Barr an seastán | 1 | 200 | | 30 |

**(c)** San íomhá ar dheis taispeántar alt adhmadóireachta atá san áireamh chun an taca láir a shiúntáil don bharr.



**(i)** Ainmnigh an t-alt a thaispeántar.

| Ainm: |
|---|

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an alt a thaispeántar thuas a úsáid.

| Buntáiste: |
|---|
| |
| Míbhuntáiste: |
| |

**(iii)** Ainmnigh agus sceitseáil alt **amháin** eile a d'fhéadfaí a úsáid chun an taca láir a shiúntáil don bharr.

| Ainm an ailt: |
|---|
| Sceitse: |

**(d)** Bain úsáid as sceitse saorláimhe néata, maille le notaí mínithe chun do smaoineamh a chur in iúl agus athdhear an seastán fearais cinn a thugtar chun saoráid a chuimsiú a choinneoidh dhá rialaitheoir cluichíochta.

Ba chóir go mbeadh sé éasca teacht ar na rialaitheoirí agus iad a bheith stóráilte ar an seastán.



Sceitse:

Spás Breise Scríbhneoireachta

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Admhálacha**

## Íomhánna
Íomhá ar leathanach 3: https://www.rte.ie/news/2022/0730/1312971-furniture-native-woodland/
Íomhá ar leathanach 3: https://www.thegrove3d.com/twigs
Íomhá ar leathanach 3: https://www.pinterest.co.uk/pin/293156256966511819/
Íomhá ar leathanach 3: https://www.pngitem.com/middle/obhmi_holiday-garland-clipart-corner-46596
Íomhá ar leathanach 4: https://www.rte.ie/news/2022/0730/1312971-furniture-native-woodland/
Íomhá ar leathanach 5: https://www.dreamstime.com/stock-photo-cross-section-tree-trunk-isolated-white-background- image51444054
Íomhá ar leathanach 8: https://www.hegner.co.uk/products/machine-tools
Íomhá ar leathanach 8: https://www.bahco.com/int_en
Íomhá ar leathanach 12: https://www.recordpower.co.uk/product/cast-iron-electronic-variable-speed-lathe
Íomhá ar leathanach 17: https://twitter.com/AskPlayStation/status/1507107509982670852/photo/1

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Teicneolaíocht Adhmaid

Déardaoin 15 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00